# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2016

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Rúisis

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# SCRÚDÚ SCRÍOFA

**220 MARC**

**Tarscaoileadh:** Ina gcás siúd dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach, ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe áirithe eile den ghramadach, mar a míníodh ag an gcomhdháil. Agus obair na n-iarrthóirí sin á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm.

**Saincheisteanna teanga**

**Teanga an fhreagra:** Má scríobhtar freagra sa teanga mhícheart:

| | |
|---|---|
| Nuair ba chóir gur Gaeilge a bheadh in úsáid: | ná bronn AON mharcanna (seachas sa chluastuiscint nuair nach bhfuil aon phionós i gceist nuair a thugtar freagra sa teanga mhícheart) |
| Nuair ba chóir gur Rúisis a bheadh in úsáid: | ná bronn AON mharcanna |

**Caighdeán na Gaeilge:** Ní bheidh caighdeán na Gaeilge ina thoisc measúnaithe ach amháin sa mhéid agus go gcuirfeadh sé bac ar chumarsáid.

1. San áit a dtagann earráid foclóireachta i gceist mar thoradh ar bhotún féideartha litrithe (*fear* in ionad *féar*; *gunna* in ionad *gúna*, *d'airigh sé* in ionad *d'áirigh sé*; *miodach* in ionad *miodhach*) ná bronn marcanna.
2. Glactar leis na húsáidí seo a leanas:
    - Líon beag focal "iasachta" a fhaightear sa Nua-Ghaeilge/Nua-Bhéarla caighdeánach (e.g. *daitse, putsch, peireastráice, gleasnast...*)
    - Úsáid bainte as acrainmneacha a thagann ón Rúisis (e.g. SSSR)
    - Úsáid bainte as téarma teicniúil Rúisise ar mhaithe le soiléire tar éis leagan Gaeilge den téarma céanna
    - Cásanna ina léirítear sa fhreagra trí chéile gur baineadh úsáid chuí as struchtúr agus stór focal na Gaeilge.

**An scéim mharcála a dhíchódú:**

- Léiríonn stríoc [/] malairtí; déanfaidh ceachtar acu cúis.
- Baintear úsáid as an gcomhartha suimithe [+] chun coincheapa/smaointe laistigh de fhreagra a dheighilt; bronntar marc as gach gné i sraith de … + … + … + suas go dtí an t-uasmhéid atá léirithe don cheist.
- Cuimsíonn lúibíní cruinne ( ) eolas atá bailí ach nach bhfuil riachtanach do mharcanna.

**ROINN I: LÉIRTHUISCINT (120 marc)**

Freagair ceisteanna 1, 2 agus 3.

**C.1. Léirthuisicint (50 marc) [40 + 10]**

- ***Glac le freagraí ar cheisteanna a chuireann fianaise ar fáil ó ranna nach dtagraítear dóibh sa cheist.***
- ***San áit a mbaineann iarrthóir úsáid as an eolas céanna mar fhreagra ar dhá cheist nó níos mó, marcáil an dá fhreagra agus glac leis an gceann a thugann na marcanna is mó don iarrthóir. Cuir lúibíní cearnógacha timpeall ar an bhfreagra eile lena léiriú gur ábhar dúbailte atá ann ar bronnadh marcanna ina leith cheana.***
- ***Nuair a thugtar gné de fhreagra le tuiscint ach nach luaitear í, ná bronn marcanna as an ngné sin.***
- ***Nuair a chuireann iarrthóir dhá smaoineamh/choincheap le chéile mar aon cheann amháin [deartháir + deirfiúr = siblíní], ag léiriú scileanna maithe sintéisithe ar an tslí sin, bronn marc as gach coincheap.***
- ***Bronn 2 mharc as gach sonra.***

**1.i. Cad iad na scrúduithe atá faoi Pavel a dhéanamh? Tabhair sonra amháin. 1 x 2 = 2**

***bronn dhá mharc:*** (scrúduithe) ardteistiméireacht(a) /scrúdaithe (bhliain) deiridh (na scoile) + labhartha agus scríofa + scrúduithe Rúisise agus Béarla

***bronn marc amháin:*** Scrúdú Rúisise + scrúdú Béarla + labhartha + scríofa

***ná bronn aon mharc:*** scrúduithe éagsúla + scrúdú scríbhneoireachta + cluastuiscint

**1.ii. Cad a itheann Pavel sa cheaintín agus cén fáth a n-itheann sé ansin? Tabhair trí shonra. 3 x 2 = 6**

**Cad a itheann Pavel?** ***bronn dhá mharc an ceann ar gach sonra ceart (uasmhéid de 4 cinn):*** lón + anraith + príomhchúrsa/ dara cúrsa/ dara mias + milseog

***bronn marc amháin:*** dara béile

**cén fáth ar nós leis a bheith ag ithe ansin?** ***bronn dhá mharc an ceann ar gach sonra ceart (uasmhéid de 4 cinn):*** tá sé saor + tá sé sciobtha

**1.iii. Conas a chaitheann Pavel a chuid ama idir deireadh an lae scoile agus béile an tráthnóna? Tabhair trí shonra. 3 x 2 = 6**

***bronn dhá mharc**:* (de bharr go mbíonn tuirse air i ndiaidh na scoile) (is maith leis) scíth a ligean / sos a thógáil / é a thógáil go réidh / briseadh a thógáil (sula ndéanfaidh sé an obair bhaile/ ní dhéanann sé an obair bhaile díreach i ndiaidh na scoile) + buaileann sé/caitheann sé am le cairde leis + téann sé chuig an leabharlann + breathnaíonn sé ar a bhailiúchán stampaí + cuidíonn sé lena mháthair (leis an obair tí) + níonn sé soithí + déanann sé jabanna sa teach/ obair tí/ cuireann sé slacht ar an árasán /glanann sé (an t-árasán) + tógann sé an bruscar amach + téann sé ag siopadóireacht

***bronn marc amháin:*** breathnaíonn sé ar a bhailiúchán

**2.i. Cén fáth a gcodlaíonn Pavel go déanach ag an deireadh seachtaine? Tabhair sonra amháin. 1 x 2 = 2**

***bronn dhá mharc:*** (Oíche Dé hAoine) téann sé amach lena chuid cairde + freastalaíonn sé ar thaispeántas + téann sé chuig an amharclann/le dráma/seó a fheiceáil + fanann sé amuigh deireanach

**2.ii. Cén fáth a mbraitheann Pavel lán d'fhuinneamh? Luaigh dhá shonra. 2 x 2 = 4**

***bronn dhá mharc:*** déanann/imríonn sé spórt/ déanann sé aclaíocht + scátáil oighir (mar is breá leis scátáil fhíorach) + snámh (sa linn snámha)/ téann sé chuig an linn snámha

**3.i. Cad a dhéanann Pavel i rith laethanta saoire an gheimhridh? Tabhair dhá shonra.**
**2 x 2 = 4**

***bronn dhá mharc*:** téann sé ag sciáil + téann sé ag scátáil + téann sé ag spraoi le liathróidí sneachta/ bíonn troideanna sneachta aige/ caitheamh sneachta + déanann sé fear sneachta

***bronn marc amháin:*** téann sé ag spraoi sa sneachta + téann sé ag spraoi le calóga sneachta

**3.ii. Cad a dhéanann teaghlach Pavel nuair a bhailíonn siad le chéile? Luaigh trí shonra.**
**3 x 2 = 6**

***bronn dhá mharc*:** (sna tráthnónta) bíonn sé ag caint + ag roinnt nuachta + (ag an deireadh seachtaine) téann sé ag fánaíocht/ ag siúl/ ag campáil + tugann sé cuairt ar ghaolta leis + téann sé ag iascaireacht

**4.i. Cad iad na cineálacha caitheamh aimsire atá ag cairde Pavel? Luaigh trí shonra.**
**3 x 2 = 6**

***bronn dhá mharc:*** grianghrafadóireacht + ficheall + peataí andúchasacha + bailiúchán + seinm uirlisí ceoil

***ná bronn aon mharc:*** athrá ar an tagairt do bhailiúchán

**4.ii. Cén fáth a bhfuil níos lú am saor ag Pavel faoi láthair? Luaigh dhá shonra.**
**2 x 2 = 4**

***bronn dhá mharc:*** caithfidh sé/is gá dó (go leor) staidéar a dhéanamh/ ullmhú do + scrúduithe

**Feasacht teanga**

Breac síos an fhoirm ainmneach uatha de chúig cinn de na frásaí aidiachtúla agus ainmfhoclacha thíos a tógadh ón téacs.

***Bronn dhá mharc as gach freagra ceart: marc amháin don aidiacht agus marc amháin don ainmfhocal. Sa cheacht seo tá na freagraí ceart nó mícheart. Gearr pionós ar úsáid a bhaint as u in ionad й i ndeirí firinscneacha aidiachta ой, ый, ий*** **5 x 2= 10**

| | |
|---|---|
| 1. выпускные экзамены | 1. выпускной экзамен |
| 2. приключенческие романы | 2. приключенческий роман |
| 3. современные фильмы | 3. современный фильм |
| 4. молодёжные сериалы | 4. молодёжный сериал |
| 5. экзотические животные | 5. экзотическое животное |
| 6. выходные дни | 6. выходной день |

**C.2 Achoimriú**

C.2.1. Léigh an scéal seo a leanas. Scríobh achoimre i nGaeilge ar ábhar gach Roinne de réir na dtreoracha thíos. Bronntar marcanna ar ábharthacht na bhfreagraí agus ar scileanna achoimrithe, ar struchtúrú do fhreagra, agus ar do chumas eolas riachtanach a idirdhealú ó shonraí tánaisteacha. ***4 x 10 = 40***

*Bronn 2 mharc as gach aon cheann de na 4 shonra (suas le 8 marc) AGUS bronn 2 mharc lánroghnacha ar iarrthóirí*

- *A léiríonn/a fhorbraíonn a gcuid smaointe go soiléir.*
- *A chuireann fianaise ar chumas sintéisithe ar fáil.*
- *A chuireann sonraí breise ar fáil.*
- *A léiríonn an cumas chun na príomhphointí a idirdhealú ó shonraí tánaisteacha.*

*Coinnítear siar marcanna lánroghnacha má léiríonn iarrthóirí tuiscint fhoriomlán ach má dhéanann siad earráidí i dtaobh sonraí / má fhágann siad ar lár na sonraí nó má tá eolas ábhartha ina gcuid freagraí ach nach bhfuil comhleanúnachas leo.*

*Ní bhronntar aon mharcanna as sonraí nach bhfuil san áireamh sa bhuntéacs. Ní bhronntar aon mharcanna as sonraí atá ar fáil sa cheist.*

*Ní fhéadfar marcanna aonair a bhronnadh as sonraí neamhiomlána ach i gcásanna ina dtuigfeadh cainteoir aonteangach Gaeilge na sonraí neamhiomlána.*

*Is féidir marcanna lánroghnacha (seachas marcanna don ábhar) a bhronnadh nuair a sholáthraíonn iarrthóirí fianaise gur thuig siad roinnt mhaith de na sonraí ach nach bhfuil ar a gcumas an méid a thuigeann siad a léiriú i nGaeilge atá intuigthe (má scríobhann siad an iomarca focal Rúisis ina gcuid freagraí, mar shampla).*

*Mura n-éiríonn le hiarrthóir gach cuid/fochuid de cheist a fhreagairt, ná bronn níos mó ná 1 mharc lánroghnach).*

*Má thugann iarrthóir sonraí ó chuid eile, bronn marcanna. Ná bronn marcanna as an sonra/ar na sonraí céanna i níos mó ná cuid amháin.*

**1. Cén fáth a raibh an oiread sin sceitimíní ar an mbuachaill? Tabhair ceithre shonra.**

(4 x 2) + 2 =10

***Príomhphointí:*** mar níl sé ach 8 mbliana d'aois agus + bhí a rang ag dul go dtí an sorcas + ní raibh sé ag an sorcas ach uair amháin roimhe sin + b'fhada ó bhí sé ag an sorcas + tá sé sách mór/sean anois le cuimhne a choinneáil ar gach rud an uair seo + is féidir leis gach rud a fheiceáil / tuiscint/tairbhe níos fearr a bhaint as gach rud + chuaigh boladh agus cuma an tsorcais i bhfeidhm air láithreach

***Sonraí tánaisteacha:*** D'fhreastail Alenka ar an sorcas 3 huaire + bhí pictiúir ar na ballaí + bhí cairpéad sa lár + síleáil ard + boladh ait/ aisteach/ éagsúil + bhí sé geal + bhí ceol ann + cheannaigh gach duine uachtar reoite/líreacáin reoite

**2. Tabhair ceithre shonra faoi chlár an tsorcais.** (4 x 2) + 2 =10

***Príomhphointí:*** tháinig dream/grúpa daoine a bhí gléasta go hálainn/go slachtmhar + bhí máistir an tsorcais/ an ceannaire/an léiritheoir ina lár/scread sé rud éigean amach + tháinig cailín óg/beag (a raibh gúna buí uirthi) amach ar an ardán + bhí sí ag rith ar liathróid i dtreonna éagsúla/ chun tosaigh/ siar/ ar chlé + ansin bhí fir ghrinn ann + lámhchleasaithe + tar éis an tsosa bhí leoin ann

***Sonraí tánaisteacha:*** cultacha dearga le stríoca buí + máistir an tsorcais ag caitheamh culaith dhubh + lig máistir an tsorcais béic láidir as + ní raibh cailín chomh beag ná chomh hálainn/dathúil sin feicthe ag an mbuachaill/ ag an reachtaire riamh roimhe + bhí súile gorma aici agus fabhraí fada + chroith sí a cuid lámh fada mar a bheadh éan ann + rith sí ar an liathróid mar a bheadh urlár réidh ann

**3. Luaigh ceithre shonra faoi smaointe an bhuachalla tar éis na cuairte ar an sorcas.** (4 x 2) + 2=10

***Príomhphointí:*** ní raibh sé in ann stopadh ag smaoineamh ar an gcailín + shíl sé gurbh í an cailín ab fhearr + shíl sé gur chroith an cailín lámh air + bhí sé ag iarraidh go bhfeicfeadh a athair an cailín + b'fhada leis dul ar ais go dtí an sorcas / leis an gcailín a fheiceáil arís + smaoinigh sé ar an gcailín gach lá + seans go dtabharfadh a athair cuireadh don chailín teacht (ar cuairt) go dtí a dteach/seans go mbuailfeadh sé leis an gcailín

***Sonraí tánaisteacha:*** chuir a athair ceist air faoin sorcas + is breá/aoibhinn lena athair an sorcas + b'éigean dó fanacht seachtain don chéad seó eile + b'fhada an tseachtain í + d'éirigh sé + chuaigh sé chun na leapa + chuaigh sé ag spraoi + chuaigh sé i mbun troda + b'fhéidir go dtabharfaidh sé a phiostal di + b'fhéidir go dtarraingeoidh sé pictiúr de bhád di

**4. Ar chuir athair an bhuachalla lena fhocal? Tabhair ceithre shonra.** (4 x 2) + 2=10

***Príomhphointí:*** chuir, ach seachtain ní ba dhéanaí / ní dheachaigh sé nuair a dúirt sé go rachadh, ach seachtain ina dhiaidh + ní raibh an t-athair in ann freastal air an Domhnach sin/an lá a gheall sé + bhí roinnt cairde leis ar cuairt air + gheall sé go rachadh sé go dtí an sorcas an Domhnach ina dhiaidh + bhí suíocháin acu sa dara ró

***Sonraí tánaisteacha:*** bhí na cairde ag caitheamh tobac + ag déanamh taighde ar leabhair chun eolais a fháil/ag cuardach + ag ól tae + ag caitheamh tobac + ag fanacht ina suí deireanach + tháinig tinneas cinn ar a mháthair

***Ná bronn marcanna lánroghnacha murar éirigh le hiarrthóirí a thuiscint go ndeachaigh an buachaill agus a athair ar ais go dtí an sorcas, ach seachtain ní ba dhéanaí ná mar a gheall sé ó thús.***

**Feasacht teanga**

**C.2.2.** Réimse séimeantach / семантическое поле: Faigh cúig fhocal sa téacs a bhaineann le 'sorcas' agus breac síos i Rúisis iad.

Tabhair marc amháin as gach freagra ceart. 5 x 1 = 5

Музыка, эскимо, занавески, костюмы, клоуны, жонглёры, антракт, львы, арена, билеты, представление, ряд, шар, высокий потолок, красивый ковёр, цирк.

***Ná bronn marc ar bith as focail nach bhfuil sa téacs: акробат(ы)***

**C.2.3.** Briathra: Breac síos foirm na hinfinide / foirm an fhoclóra / инфинитив de na briathra seo a leanas ón téacs. (5 mharc) 5 x 1 = 5

Ná bronn aon mharcanna má aistríonn iarrthóirí an briathar go Gaeilge. Ná bronn aon mharcanna má thugann iarrthóirí an t-infinideach sa ghné mhícheart.

1. пошли пойти
2. ложился ложиться
3. спросил спросить
4. могла мочь
5. купил купить

**C.3 Struchtúrú dioscúrsa**

Léigh an t-eolas seo a leanas faoi Chónaidhm na Rúise. Meaitseáil an cur síos (tuairisc) leis an gceannteideal cuí. Cuir isteach uimhir an cheannteidil chuí sa bhosca in aice lena thuairisc. (20 marc)

***2 mharc as gach freagra ceart*** ***10 x 2 = 20***

| | |
|---|---|
| 1 | Российская Федерация – самая большая по площади страна земного шара. Территория России занимает площадь около 17,1 миллиона квадратных километров. Около 30% территории Российской Федерации располагается в Европе, а около 70% – в Азии. |
| 8 | В десятку имён, которыми чаще всего называют сыновей, входят Максим, Иван, Артём, Дмитрий, Никита, Михаил, Даниил, Егор, Андрей. У девочек это, соответственно, Анастасия, Мария, Дарья, Анна, Елизавета, Полина, Виктория, Екатерина. |
| 5 | Основными религиями, представленными в России, являются христианство (главным образом, православные, есть также католики и протестанты), а также ислам и буддизм. В то же самое время, часть населения РФ — неверующие. |
| 7 | Первую ступеньку десятка самых больших городов России занимает Москва. Величественный старинный Санкт-Петербург не намного отстает от Москвы. На третье место вышел Волгоград. |
| 9 | Уникальные озера, самые длинные реки Европы, высочайшие вершины Европы, самые высокие действующие вулканы в мире, морские и горнолыжные курорты, целебные минеральные источники, затерянные в лесах старинные городки, необозримые лесные просторы влекут сюда людей со всех уголков мира. В России для каждого может найтись место и климат по вкусу. |
| 4 | Российская Федерация принадлежит к числу многонациональных государств мира. В перечне национальностей выделено более 160 этносов. Подавляющее большинство этносов России относится к индоевропейским народам. Индоевропейская семья подразделяется на несколько групп, из которых в России представлены следующие: славянская, балтийская, германская, романская, греческая, армянская, иранская и индоарийская. |
| 10 | В РФ представлены следующие природные зоны: арктические пустыни, тундра, лесотундра, леса, лесостепи, степи, полупустыни, пустыни, субтропики. В горных районах выражена высотная поясность. |
| 3 | Обитателями океанических побережий являются белые медведи, морские зайцы. На территории тундры обитают северные олени, лемминги. В российских степях наиболее распространенные птицы – орлы, журавли, жаворонки. |
| 6 | Многие блюда имеют ритуальное значение их едят во время определённых праздников и ритуалов: курник (свадьба), кутья (Рождество/Коляда), блины (Масленица), кулич или пасха (Пасха), холодец и овсяный кисель (Иван Купала). |
| 2 | 1 января — Новый год; 7 января — Рождество Христово; 23 февраля — День защитника Отечества; 8 марта — Международный женский день; 1мая — Праздник Весны и Труда; 9 мая — День Победы; 12 июня — День России; 4 ноября — День народного единства |

**Roinn II – Gramadach, Úsáid Teanga agus Scríbhneoireacht Faoi Threoir (100 marc)**

**C.1 Léigh an téacs seo a leanas. Scríobh na focail idir lúibíní san fhoirm cheart. Tugtar gach ainmfhocal, aidiacht agus forainm san fhoirm ainmneach; tugtar gach briathar san infinideach den ghné chuí. Ní bhronnfar marcanna ar fhocail nach mbeidh litrithe i gceart ná ar fhocail ionadaíochta. (30 marc)**

| |
|---|
| ***DHÁ mharc as gach foirm cheart 15 x 2 = 30*** |
| ***Sa cheacht seo tá na freagraí ceart nó mícheart:*** |
| • ***Ná bronn marcanna má tá an focal mílitrithe/mura bhfuil sé tras-scríofa i gceart.*** |
| • ***Ná bronn marcanna má scríobhtar an briathar san aimsir mhícheart*** |

Здравствуйте, я - первоклассница Маша. Я очень люблю свою бабушку и своего дедушку. Мою бабушку зовут Светлана Михайловна, а дедушку - Отто Оскарович. Моей бабуле 68 лет, а дедуле 72 года. Они пенсионеры, поэтому у них всегда находится время на игры и прогулки со мной/ мною.

Мой дедушка сначала закончил мореходное училище и какое-то время плавал на пароходе/пароходах, а когда открыли на севере месторождение нефти, дедушка переехал в город Нижневартовск и там разрабатывал приборы для нахождения и исследования нефти.

Бабушка-педагог по музыке и до пенсии работала в музыкальной школе в Нижневартовске. Она преподавала детям уроки по сольфеджио.

Мне весело с моей бабушкой: мы играем с ней на фортепиано и печём пироги. Один раз бабушка испекла огромный торт для меня. А с дедушкой мы играем в шахматы и много гуляем в парке. Один раз я учила дорогого дедушку писать букву «А» потому, что он случайно забыл, как она пишется, но я думаю, что он сказал это специально, чтобы проверить мои знания. Когда мама и папа куда-нибудь уезжают, я остаюсь с бабулей и дедулей, и тогда у нас появляется ещё больше времени для веселья.

Моим дорогим и любимым бабушке и дедушке я хочу пожелать здоровья и долгой жизни; чтобы бабушка не ворчала на дедушку, а дедушка не ленился и слушался бабушку, чтобы у них всегда сияла улыбка на лице и было хорошее настроение.

## C.2. Feasacht Chultúrtha (30 marc)

Scríobh aiste ghearr (50 focal) **i Rúisis** ar **cheann amháin** de na topaicí seo a leanas. Tabhair **cúig** shonra fhíorasacha. Bronntar marcanna ar ábharthacht, ar úsáid na teanga agus ar struchtúr (eagrú smaointe).Tabhair teideal na haiste le cur in iúl cé acu ceann de na haistí atá á scríobh agat.

Напишите небольшую статью **по–русски** размером 50 слов на одну из следующих тем. В свою статью включите **пять** страноведческих фактов.

1. An Rúisis in Éirinn/ Русский язык в Ирландии
2. An Turasóireacht i gCónaidhm na Rúise / Туризм в Российской Федерации
3. Spóirt Gheimhridh i gCónaidhm na Rúise/ Зимние виды спорта
4. An t-Oideachas i gCónaidhm na Rúise / Образование в Российской Федерации
5. Áiteanna is díol spéise i gCónaidhm na Rúise / Достопримечательности в Российской Федерации

| | |
|---|---|
| ***1. ábhar*** | ***10*** |
| ***2. teanga/cumas scríofa*** | ***20*** |

***Marcáil ábhar agus teanga/cumas scríofa ar leithligh***

1. Cumarsáid/ábhar (C)

Tabhair marcanna as an ábhar ar dtús (ex 10). Ní bhronntar aon mharcanna as eolas/ábhar neamhábhartha: cuir ábhar neamhábhartha i lúibíní cearnógacha [ ... ]; fág as an áireamh é agus an marc don chumas scríofa á bhreithniú. Ní bhronnfar aon mharcanna teanga as freagraí atá neamhábhartha go hiomlán nó ina bhfuil ábhar nach féidir marcanna a bhronnadh ina leith.

Bronn dhá mharc ar a mhéad le haghaidh ábhair as ráiteas tosaigh/comhthéacsúil nó as tuairim/measúnacht (nach sonra fíorasach í). Bronn marc amháin as fíric a thugtar ach nach bhfuil míniú ná cruthú tugtha ina leith: bronn marc amháin as 'tá a lán focal sa Rúisis atá cosúil le focail Ghaeilge' (agus an dara marc as sampla: осёл, дур(-ак), молодец, …).

Bronn dhá mharc as gach sonra den ábhar atá ábhartha (suas le 10 marc ar a mhéad).

Éilítear ar iarrthóirí a chur in iúl cén cheist atá á freagairt acu. Bain marc pionóis AMHÁIN ón scór foriomlán don ábhar mura gcuireann an t-iarrthóir in iúl cén cheist atá á freagairt.

2. Cumas Scríofa (E): Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an úsáid teanga (E = Cumas Scríofa) chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí.

- Más é 5 nó níos lú marc an ábhair [seachas sa chás gur baineadh marc pionóis agus gur laghdaíodh na marcanna ábhair go 5 dá bharr], nó má tá an cheist róghairid (níos lú ná 25 fhocal), marcáil an cumas scríofa as 14 agus scríobh 'E níos ísle' chun é sin a léiriú.
- Má tá an cumas scríofa thar a bheith líofa, le leibhéal ard éagsúlachta sa stór focal, sa chomhréir agus sna leaganacha cainte dúchasacha, ach má tá fadhb thromchúiseach le cruinneas bunúsach (litriú, teorainneacha na bhfocal + deilbhíocht infhillteach); earráid i gach 2ú nó 3ú focal, marcáil an cumas scríofa idir 9 agus 14 (9+10; 11+12; 13+14) agus scríobh 'A níos ísle' chun é sin a léiriú.

Cuir bosca cearnógach thart ar earráidí atá ann arís agus arís, ná gearr pionós an athuair.

Bain úsáid as líne chorrach faoi bhotúin litrithe agus faoi earráidí sa stór focal.

Cuir líne faoi dhrochbhotúin.

| |
|---|
| Gearr pionós ar iarrthóirí a bhaineann úsáid randamach/nach mbaineann úsáid as comharthaí boga i bhfoirmeacha na haimsire láithrí nó san infinideach (– 1). |

| Marc | Teanga: stór focal, cruinneas, líofacht |
|---|---|
| 18-20<br>A níos ísle 13-14<br>E níos ísle 12-14 | Teanga atá saibhir agus casta, ina bhfuil stór focal leathán cuí. An ton agus an tsainréim teanga oiriúnach go hiomlán don tasc atá roghnaithe.<br>Beagnach gan locht maidir le cruinneas. Líofa, agus léiríonn leibhéal ard sofaisticiúlachta in ionramháil struchtúir na teanga. |
| 14-17<br>A níos ísle 11-12<br>E níos ísle 10-11 | Baintear úsáid as stór focal cuí, gan ach mion-earráidí i dtaobh stór focal. An ton agus an tsainréim teanga oiriúnach de ghnáth don tasc.<br>Beagán earráidí, mion-earráidí an chuid is mó acu. Ionramháil mhaith teanga. Baintear úsáid eachtrúil as struchtúir chasta, le lúb ar lár ar ócáidí. |
| 10-13<br>A níos ísle 9-10<br>E níos ísle 7-9 | Baintear úsáid as stór focal atá leordhóthanach ach intuartha. Roinnt mórearráidí sa stór focal.<br>Déantar roinnt earráidí móra gramadaí, ach gan lagú rómhór á dhéanamh ar chumarsáid. Ionramháil na teanga idir a bheith sásúil agus go maith. Níor éirigh i gcónaí leis na hiarrachtaí ar struchtúir chasta a láimhseáil. |
| 6-9<br>E níos ísle 4-6 | Roinnt eolas bunúsach ar an stór focal ach easpa éagsúlachta ann. Stór focal míchuí go minic le béarlachas/tionchar na Gaeilge agus focail mhíchearta go minic.<br>An chumarsáid lagaithe ag earráidí bunúsacha go minic e.g. comhaontuithe, foirmeacha briathra.<br>Gan ach cumas teoranta in ionramháil na teanga; teanga 'aistrithe' shimplí go príomha, a chuireann bac ar chumarsáid. |
| 1-5<br>E níos ísle 1-3 | Eolas agus stór focal an-teoranta. Úsáidtear focail atá an-bhunúsach, míchuí nó mícheart. Cuid mhaith béarlachais/tionchair na Gaeilge le brath. Cruinneas sna foirmeacha is simplí amháin. Earráidí bunúsacha ann an-mhinic. Ar bheagán cumais in ionramháil na teanga. |
| 0 | Eolas agus réimse chomh teoranta sin nach féidir aon mharcanna a bhronnadh ina leith. |

***Cuir marcanna le haghaidh cumarsáide/ábhair (C) agus cumas scríofa (E / E níos ísle) le chéile le marcanna iomlána na ceiste a thabhairt.***

| |
|---|
| C = ...<br>E / E níos ísle = ...<br>Iomlán = ... |

**C.3. Scríbhneoireacht faoi threoir(40 marc)**

Scríobh giota de phrós leanúnach **i Rúisis (140 focal)** mar fhreagra ar **CHEANN AMHÁIN** díobh seo a leanas. Déan deimhin de na pointí **GO LÉIR** atá liostaithe a chuimsiú i do fhreagra.

Ní bhronnfar marc ar bith ar shonraí nach bhfuil bainteach le hábhair ná ar shonraí tógtha díreach ó théacsanna ar an scrúdpháipéar seo.

**1. LITIR**

Scríobh litir chuig do sheanmháthair. I do litir bíodh na sonraí seo a leanas san áireamh agat:

A. Beannacht
B. Gabh buíochas léi as an mbronntanas a chuir sí chugat do do bhreithlá
C. an chaoi a ndearna tú do bhreithlá a cheiliúradh
D. conas mar atá ag éirí leat sna scrúduithe
E. a bhfuil i gceist agat a dhéanamh nuair a bheidh an Ardteistiméireacht thart
F. Críoch

**2. SCÉALAÍOCHT**

Déan cur síos ar an lá ab fhearr a bhí agat i do shaol.

**3. PLÉ**

Is cur amú ama é a bheith ag foghlaim teangacha. Déan plé ar an ábhar sin.

| | |
|---|---|
| Cumarsáid + ábhar | 15 |
| Úsáid teanga + cumas scríofa | 15 |
| Comhleanúnachas sa téacs | 10 |
| Má fhreagraíonn iarrthóir DHÁ cheist nó NÍOS MÓ, marcáil GACH ceann agus glac leis an marc is fearr. Má fhaigheann an t-iarrthóir lánmharcanna as ceist, ní éilítear ar an scrúdaitheoir na freagraí ina dhiaidh sin a mharcáil. | |

1. Cumarsáid/ábhar (C)
Tabhair marcanna as an ábhar ar dtús (ex 15). Bain úsáid as na litreacha (A - F) nuair a bhíonn pointí ábhair ar leith á dtaispeáint agus, nuair is infheidhme, úsáid uimhreacha forscripte do phointí i ndiaidh a chéile laistigh den réimse ábhair ($A^1$, $A^2$, $A^3$); léirigh na pointí ábhair iomlána ag deireadh an cheachta (C = …). Ní bhronntar aon mharcanna as eolas/ábhar breise: cuir ábhar neamhábhartha idir lúibíní cearnógacha [ ... ]; fág as an áireamh é agus an marc don chumas scríofa á bhreithniú.
Bronn 1 mharc as gach sonra ábhair/frása/coincheap/smaoineamh. Cinntigh go bhfuil ar a laghad sonra AMHÁIN tugtha ó gach ceann de na catagóirí A – F

| |
|---|
| 2. Cumas Scríofa (E): Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an úsáid teanga (E = Cumas Scríofa) chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí.<br>Más é 7 nó níos lú marc an ábhair, nó má tá an cheist róghairid (níos lú ná 60 focal), marcáil an cumas scríofa as 10 agus scríobh 'E níos ísle' chun é sin a léiriú.<br>Má tá an cumas scríofa iontach líofa, le leibhéal ard éagsúlachta sa stór focal, sa chomhréir agus sna leaganacha cainte dúchasacha ach má tá fadhb thromchúiseach le cruinneas bunúsach (litriú, teorainneacha na bhfocal + deilbhíocht infhillteach); earráid i gach 2ú nó 3ú focal, marcáil an cumas scríofa idir 7 agus 12 (7/8 + 9/10 + 11/12) agus scríobh 'A níos ísle' chun é sin a léiriú.<br>Cuir bosca cearnógach thart ar earráidí atá ann arís agus arís, ná gearr pionós an athuair.<br>Bain úsáid as líne chorrach faoi bhotúin litrithe agus faoi earráidí sa stór focal. Cuir líne faoi dhrochbhotúin.<br>Gearr pionós ar iarrthóirí a bhaineann úsáid randamach/nach mbaineann úsáid as comharthaí boga i bhfoirmeacha na haimsire láithrí nó san infinideach (– 1). |

| **E níos ísle Ex 10** | **E Ex 15** | **Cumas Scríofa** |
|---|---|---|
| **7-10** | **11-15** | **Stór focal,** úsáid mhaith – saibhir, dúchasach agus oiriúnach. Is annamh a bhíonn botúin **litrithe** ann, **gramadach** ceart go ginearálta: Leibhéal maith cruinnis i bhfoircinn na mbriathra; aontuithe; úsáid cheart aimsirí... |
| **4-6** | **6-10** | Úsáid an **stóir focal** measartha maith – imleor agus cuí go ginearálta, agus roinnt nathanna Rúisise, b'fhéidir. Gan an iomarca dearmad **litrithe** ann. Gan mórán drochearráidí/mionearráidí iomadúla **gramadaí**: foirmeacha briathra, aimsirí, aontuithe, na foircinn i gceart níos minice ná a mhalairt, go háirithe ag an gcuid is airde den chatagóir. |
| **0 – 3** | **0 – 5** | **Stór focal** an-neamhleor, focail Ghaeilge nó Bhéarla ann b'fhéidir agus cur isteach ó chomhréir na Gaeilge/an Bhéarla. A lán dearmad **litrithe**, drochearráidí **gramadaí**: foirmeacha briathra mícheart go ginearálta, aimsirí gan a bheith ag teacht le chéile, neamhoiriúnach; fíorbheagán aontuithe atá ceart. |

| **A níos ísle** | **Cumas Scríofa** |
|---|---|
| **11-12** | **Stór focal,** úsáid mhaith – saibhir, dúchasach agus oiriúnach.<br>Gan aon fhadhb i dtaobh **aimsirí**, **gné** agus **tuisil** a úsáid. Gan aon deacracht le **struchtúir chasta chomhréire. Ton** cuí agus sainréim teanga chuí.<br>Botúin **litrithe** coitianta, fadhbanna le teorainneacha na bhfocal. |
| **9-10** | Úsáid an **stóir focal** measartha maith – imleor agus cuí go ginearálta, agus roinnt nathanna Rúisise, b'fhéidir. Beagán struchtúir chasta chomhréire. Ton míchuí agus sainréim teanga mhíchuí. Úsáid réasúnta maith bainte as gné agus aimsirí |
| **7-8** | Úsáid an **stóir focal** maith go leor agus de réir dhúchas na teanga, le cur isteach áirithe ón nGaeilge/mBéarla. Cur isteach ó struchtúir chomhréire teanga na Gaeilge/an Bhéarla. Fadhbanna le haimsirí, gné agus tuisil |

**3. Comhleanúnachas sa téacs:** Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an gcomhleanúnachas sa téacs (**TC**) chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí.

| **Marc** | **Comhleanúnachas sa téacs** |
|---|---|
| **9-10** | Eagrú sármhaith. Leibhéal ard comhleanúnachais sa fhreagra ar fad. |
| **7-8** | Forbairt déanta go ginearálta ar an ábhar laistigh de chreat oibre atá pleanáilte go cúramach. Curtha i dtoll a chéile go maith, tríd is tríd, ach easpa comhleanúnachais in áiteanna. |
| **5-6** | Eagrú sásúil déanta ar an ábhar. Forbairt neamh-chomhsheasmhach agus/nó neamhuaillmhianach déanta ar smaointe. Siabhránach agus/nó athráiteach in amanna. |
| **3-4** | Cumas teoranta i dtaobh ábhar a eagrú agus smaointe a fhorbairt. Easpa comhleanúnachais sa struchtúr. |
| **1-2** | Cumas an-teoranta i dtaobh ábhar a eagrú agus smaointe a fhorbairt. Ar éigean a bhfuil an struchtúr comhleanúnach in aon chor |
| **0** | Eagraithe chomh dona sin agus a laghad comhleanúnachais ann nach féidir aon chreidiúint a thabhairt. |

Cuir na marcanna le haghaidh cumarsáide/ábhair (C), cumas scríofa (E / E níos ísle) agus comhleanúnachas sa téacs  (CT) le chéile le marcanna iomlána na ceiste a thabhairt.

| |
|---|
| C = ...<br>E = …<br>TC = … |

Iomlán =

**CLUASTUISCINT (80 marc)**

| Ginearálta: |
|---|
| • Ní ghearrtar aon phionós as ábhar iomarcach nach bhfágann go bhfuil an freagra neamhbhailí.<br>• Glac le foirmiú ar bith a thugann an t-eolas atá á lorg.<br>• Glac le freagraí ar cheisteanna atá scríofa san áit mhícheart.<br>• Ní bheidh caighdeán na Gaeilge ina thoisc measúnaithe ach amháin sa mhéid agus go gcuirfeadh sé bac ar chumarsáid.<br>• Ná bronn marcanna as eolas atá ar fáil laistigh den cheist.<br>• Glac le freagraí atá scríofa i Rúisis.<br>• Níor chóir go mbeadh ar an scrúdaitheoir buille faoi thuairim a thabhairt maidir le cad iad smaointe an iarrthóra (e.g. 'iomaí ciorcail' in ionad 'iomaíocht sorcais'.) Ná bronn aon mharcanna dá mbeadh deacracht ag cainteoir Gaeilge nach dtuigeann an Rúisis a chinneadh cad a chiallaíonn an Ghaeilge. |

| ***Bronn dhá mharc as gach pointe ceart/ábhartha.*** |
|---|

**Roinn 1**

**Achoimre na Nuachta**

**1. Tabhair trí shonra faoi chamchuairt amharclann Mhoscó.**

Zhu-zhu + Ag teacht go hÉirinn + laethanta deiridh/deireadh mhí Bealtaine + puipéid sa sorcas + beidh puipéid/ lucht féachana óg/ aisteoirí mar chuid de léiriú amharclainne + glacfaidh an lucht féachana páirt ann + cuirfear ar siúl é i scoileanna Rúisise timpeall na hÉireann + Corcaigh + Luimneach + Port Laoise + Cill Chainnigh + Bhaile Átha Cliath + ticéid shaora / faoi lascaine go dtí an 10 Bealtaine/ i mí Bealtaine

***Bronn marc amháin:*** bábóga

***Ná bronn aon mharc:*** ó Mhoscó + amharclann

**2. Tabhair trí shonra faoi Kira Maligina.**

Is amhránaí agus scríbhneoir í/scríobhann sí a cuid liricí agus ceoil féin + buaiteoir gradaim ag féile Idirnáisiúnta i gCathair Pheadair/ Accord 2008 + Féile Gyshinskiy 2007 + Aisha + bhí sí ar an iomaí camchuairt / go leor taistil déanta aici = aoi de chuid féilte idirnáisiúnta sa Spáinn + sa Tuirc + i SAM + ar fud na Rúise le ceolchoirmeacha aonair (ó Chathair Pheadair go dtí Vladivostok) + an Eoraip + SAM + Iosrael // "Kira" teideal a céad albaim + eisíodh a céad albam in 2009 + ag teacht go hÉirinn / go Corcaigh

***Bronn marc amháin***: amhránaí + scríbhneoir amhrán

**3. Bíonn critéir áirithe in úsáid nuair a roghnaítear ionad do chluichí cáilithe i gCorn na hEorpa. Tabhair dhá shonra.**

(caighdeán na) Staid(e) + bonneagar + tábhacht shóisialta an chomórtais do chathair

**4.i. Cén ócáid a bheidh ar siúl i gCaisleán Chluain Tarbh?**

Bál Impiriúil Carthanachta na Rúise

***Bronn marc amháin as seo:*** Ócáid charthanachta + Bál + (Impiriúil) na Rúise

***Bronn lánmharcanna má thugann iarrthóirí freagra le sonraí ó 4.ii.***

**4.ii. Tabhair sonra amháin maidir le clár na n imeachtaí.**
Ceol (beo) + damhsa + gúnaí faiseanta/innealta/galánta + halla álainn + dinnéar (álainn/blasta) + frithchaitheamh/solas coinnle draíochtach

## Roinn II

**1.i. Cad chuige an campa?**
Chun páistí a labhraíonn an Rúisis a thabhairt le chéile + le (go ndéanfaidh na páistí) an Rúisis a labhairt/a chleachtadh

**1.ii. Cé air a bhfuil an campa dírithe?**
Buachaillí + cailíní + 4-16 bliana d'aois + ó theaghlaigh Rúiseacha + teaghlaigh mheasctha

**2. Tabhair cúig shonra faoi imeachtaí an champa.**
Gníomhaíochtaí spóirt // Sacar + cispheil + leadóg bhoird + rás sealaíochta // rang ealaíne + aistir/turais gach seachtain + cláir oideachais + ranganna ar thíreolaíocht, litríocht agus léann tíre na Rúise.

**3. Tabhair trí shonra faoi ionad, faoi phraghas agus faoi chlár ama an champa.**
**Clár ama**: ón 10 am. go dtí 3 pm
**Suíomh**: Baile Bhlainséir (Baile Átha Cliath 15)/Baile an Huntaigh
**Praghas:** 75 euro in aghaidh na seachtaine + táille bhreise 10 euro ar bhia
***Ná bronn aon mharc***: sonraí teagmhála d'fhiosruithe

## Roinn III

**1.i. Cén aois a bhí ag Diana nuair a thosaigh sí ag scátáil rollála?**
7 (mbliana d'aois)

**1.ii. Cathain nó conas a chuir sí spéis sa scátáil slalóm? Tabhair sonra amháin.**
(Bhí sí) 16 bliana d'aois + chonaic sí buachaill ag déanamh (scátáil) slalóim

**2.i. Cad atá riachtanach le go mbainfeadh sí taitneamh as an scátáil rollála?**
ceol
***Bronn marc amháin:*** iPod + seinnteoir MP3

**2.ii. Tabhair trí shonra faoin turas a thug Diana ar Mhoscó le déanaí.**
Bhí sí (ag siúl) in aice leis an (Staid) Oilimpeach + spás oscailte + áit iontach le haghaidh scátála + radharc iontach ar Mhoscó + dromchla/asfalt mín + go hálainn tráthnóna/san oíche (ach go háirithe) + bhí aiféala uirthi nár thug sí a cuid scátaí rothacha léi

**3.i. Tabhair trí shonra faoi chineálacha caitheamh aimsire Diana.**
Damhsa hip hap + téann sí ag bogshodar (ar maidin agus sa tráthnóna) + ceol + seinneann sí an pianó + caitheann sí am le dlúthchairde + foghlaim Béarla
***Ná bronn aon mharc***: ag déanamh staidéir ar an Eacnamaíocht

**3.ii. Cad iad na pleananna atá ag Diana don todhchaí?**
Dul ar imirce go tír ina labhraítear Béarla + beidh sí ag plé le cúrsaí spóirt sa todhchaí, dar léi + ba mhaith léi a bheith ina traenálaí + múinteoir corpoideachais
***Bronn lánmharcanna má thugann na hiarrthóirí sonraí ó chodanna eile sa fhreagra***

## Roinn IV

**1. Tabhair trí shonra faoi theaghlach Aleksey agus faoina óige.**

Rugadh é ar an 19 Eanáir 1988 + teaghlach mór + bean tí í a mháthair + ceannaire slándála / garda slándála (le comhlacht príobháideach) é a athair + óige shuimiúil + bhíodh sé ag imirt sacair le foireann shóisearach Tula + bhí sé ag iarraidh a bheith ina imreoir (gairmiúil) spóirt + shocraigh sé staidéar a dhéanamh ar cheol ina ionad sin
***Bronn marc amháin:*** an 19 Eanáir

**2.i. Tabhair dhá shonra faoi oideachas ceoil Aleksey.**
(tar éis dó an scoil a fhágáil) chuaigh sé isteach i gcoláiste ceoil + sheinn sé an bosca ceoil + (le linn a chuid oideachais) ghlac sé páirt i gceolchoirmeacha + comórtais + bhain sé áiteanna arda amach i gcomórtais + thosaigh sé mar amhránaí aonair (in ensemble gutha) agus é 16 bliana d’aois
***Bronn marc amháin:*** thosaigh sé ag gabháil don cheol
***Bronn lánmharcanna má thugann iarrthóirí freagra le sonraí ó 2.ii.***

**2.ii. Tabhair dhá shonra faoin méid a bhain Aleksey amach i réimse an cheoil.**
Bhain sé a chéad bhonn amach in 2005 + bhain sé babhta ceannais an chomórtais *“The Secret of Success*” amach + bhí sé ar dhuine de na buaiteoirí + rinne sé conradh le Universal Music
***Bronn lánmharcanna má thugann iarrthóirí freagra le sonraí ó 2.i.***

**3. Tabhair sonra amháin faoi ghairm Aleksey mar aisteoir.**
(In 2006) ghlac sé páirt sa tsraith/sraithchlár nua idirghníomhach “*Alice’s dreams*” (glac le: scannán) + chuaigh a ghairm bheatha mar aisteoir ó neart go neart ina dhiaidh sin + bhain sé amach dioplóma ó choláiste amharclannaíochta sa bhliain 2008 + in 2008 thosaigh sé le stiúideo aisteoireachta/Amharclann Ealaíon Acadúil Mhoscó + ba é Kirill Serebrennikov a mhúinteoir/oide aisteoireachta

**4. Tabhair dhá shonra faoina ghairm ó 2010 i leith.**
D’fhág sé cúrsaí oideachais ina dhiaidh + bhí an iliomad /go leor tairiscintí poist faighte aige + bhí sé an-ghnóthach mar aisteoir /thosaigh sé ag obair mar aisteoir gairmiúil/dhírigh sé isteach ar an aisteoireacht + rinne sé féin na héachtaí ar fad ina chuid scannán + i gceann amháin de na scannáin léim sé ón gcúigiú hurlár

Leathanach Bán